# **Polasaí Snámha (I rith am scoile)**

Rachaidh Ranganna 2-6 chuig ranganna snámha téarma amháin gach bliain ar feadh 8 seachtaine.

Téarma 1 Rang 6

Téarma 2 Rang 5 agus Rang 4

Téarma 3 Rang 3 agus Rang 2

Mar go bhfuil an snámh mar chuid den Churaclam Corpoideachais beifear ag súil go mbeidh gach páiste rann-pháirteach sna ranganna snámha. Coinneofar an costas, chomh h-íseal agus is féidir. Má tá deacrachtaí airgid ag aon chlann níor cheart go gcuirfeadh sé seo isteach ar an snámh. Is féidir labhairt leis an bpríomhoide agus pléifear gach cás go discréideach.

Bíonn beirt bhall den fhoireann scoile ag feitheoireacht sna seomraí feistis i gcónaí agus na páistí ag athrú. Mar gheall ar rochtain a bheith ag baill agus foireann an *Kingfisher* agus an pobal i gcoitinne ar an seomraí feistis céanna úsáidtear cuirtín chun áit athruithe ar leith a chur ar fáil do pháistí na scoile sa dá sheomra feistis. Tá locair ar fáil do na héadaí a fhad is atá na páistí sa linn snámha. Ní cheadaítear d’éinne a bheith ag rith nó ag pleidhcíocht sna seomraí feistis nó timpeall ar imeall na linne snámha. Tá cosc ar channaí aerosóil (díholaíoch nó a leithéid) a úsáid.

Moltar go láidir na culaithe snámha a bheith orthu ag teacht ar scoil ar maidin, le h-am athruithe a laghdú.

Tá an Ráiteas maidir le cumhdach leanaí an Kingfisher faighte ag an scoil. Cinntíonn sé seo go bhfuil grinnfhiosriúchán an Gharda Síochána déanta ag na múinteoirí snámha agus aon fhostaí eile de chuid an *Kingfisher* a mbeidh plé acu leo.

Is í an Ghaeilge an teanga chumarsáide idir páistí agus múinteoirí í nGaelscoil Dara. Beifear ag súil go labhróidh na páistí Gaeilge eadarthu féin sa linn snámha. Is féidir páistí a choinneáil ón snámh de bharr mí-iompar nó í ngeall ar riail na Gaeilge.

Mura bhfuil do pháiste in ann freastal ar an snámh ar bhonn rialta ba cheart teastas dochtúra a chur ar fáil.